C/2024/4647

19.7.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11611 — PAI PARTNERS / HFO GROUP)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/4647)

1. An 11 Iúil 2024, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— PAI Partners S.à r.l. ('PAI Partners', Lucsamburg), fochuideachta atá faoi lánúinéireacht PAI Partners SAS (an Fhrainc),

— Gnó na nOibríochtaí Saoráidí Sláinte ('HFO Group', an Ghearmáin) de chuid Vamed AG, atá faoi rialú deiridh ag Fresenius SE & Co. GaA (an Ghearmáin).

Gheobhaidh PAI Partners rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar HFO Group ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna agus sócmhainní.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is gnólacht cothromais phríobháidigh é PAI Partners a dhéanann bainistíocht ar chistí éagsúla a infheistíonn sna hearnálacha seirbhísí gnó, bia, táirgí tomhaltóirí, táirgí tionsclaíocha ginearálta, agus cúraim sláinte.

— Is gnólacht saoráidí sláinte é HFO Group atá gníomhach san Ostair, sa tSeicia, sa Ghearmáin, san Eilvéis agus sa Ríocht Aontaithe agus a tháirgeann seirbhísí athshlánúcháin le haghaidh othair chónaitheacha agus othair sheachtracha araon mar aon le seirbhísí eile cúraim sláinte amhail leigheas coisctheach agus seirbhísí altranais.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11611 — PAI PARTNERS / HFO GROUP

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË